2026/151

26.1.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/151 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Eanáir 2026

maidir leis an gcaighdeán comhchuibhithe le haghaidh cófraí roischuisniúcháin a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2015/1095

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), maidir le táirge ar cuireadh caighdeáin chomhchuibhithe i bhfeidhm ina leith agus ar foilsíodh a uimhreacha tagartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ní mór do na Ballstáit a mheas go gcomhlíonann an táirge sin ceanglais ábhartha uile an bhirt cur chun feidhme is infheidhme lena mbaineann na caighdeáin sin. In Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2015/1095 ón gCoimisiún ([3]) agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, leagtar síos na ceanglais ábhartha maidir le cófraí roischuisniúcháin.

(2) Le litir leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le M/495 an 2 Deireadh Fómhair 2013 ('an iarraidh'), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2015/1095.

(3) Ar bhonn na hiarrata, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeán EN ISO 22042:2021, rud a d'fhág gur glacadh leasú EN ISO 22042:2021/A1:2024 maidir le cófraí roischuisniúcháin agus cófraí reoiteora le haghaidh úsáid ghairmiúil.

(4) In éineacht le CEN rinne an Coimisiún measúnú féachaint an gcomhlíontar an iarraidh le caighdeán comhchuibhithe EN ISO 22042:2021 arna leasú le EN ISO 22042:2021/A1:2024.

(5) Caighdeán comhchuibhithe EN ISO 22042:2021, arna leasú le EN ISO 22042:2021/A1:2024, comhlíonann sé na ceanglais a bhfuil sé d'aidhm aige a chumhdach agus a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/1095. Dá bhrí sin, is iomchuí an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na riachtanais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe,

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/125/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2015/1095 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2015 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le cófraí cuisniúcháin stórála tionsclaíocha, cófraí roischuisniúcháin, aonaid chomhdhlúthúcháin agus fuaraitheoirí próisis (IO L 177, 8.7.2015, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1095/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na tagairtí do na caighdeán chomhchuibhithe le haghaidh cófraí roischuisniúcháin, a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2015/1095, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear iad leis seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
1.	EN ISO 22042:2021 Roisfhuaraitheoirí agus caibinéid reoiteora le haghaidh úsáid ghairmiúil - Rangú, riachtanais agus dálaí tástála (ISO 22042:2021) EN ISO 22042:2021/A1:2024